Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 29

# Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ar sheirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil in 2020, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €63.325 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

***Aistriú feidhmeanna***

Ullmhaíodh an cuntas i gcomhréir leis na *Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2020*, rud inar cuireadh san áireamh

- aistriú na bhfeidhmeanna craolacháin ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (Vóta 29) chuig an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (Vóta 33) le héifeacht ón 23 Meán Fómhair 2020 (I.R. 372 de 2020), agus
- an leasú ar theideal na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le héifeacht ón 24 Meán Fómhair (I.R. 373 de 2020).

I gcomhréir leis na socruithe cuntasaíochta atá leagtha amach ag an rannóg Cuntasaíochta Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, léiríonn na meastacháin athbhreithnithe do 2020 aistriú na bhfeidhmeanna Roinne ar bhonn lánbhliana. Léiríonn an cuntas leithreasa, nach mór foirm agus formáid an mheastacháin ábhartha a leanúint, an t-aistriú feidhmeanna thuasluaite ar bhonn lánbhliana freisin. Dá bhrí sin, áirítear na feidhmeanna craolacháin aistrithe go léir do 2020 i gcuntas leithreasa na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Vóta 33).

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas:

***Dímheas sócmhainní caipitil***

Déanann an Roinn dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil, agus dímheas lánbhliana á ghearradh ar gach sócmhainn i mbliain an tsealbhaithe.

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar córais saindeartha TF áirithe agus saintrealamh chun suirbhéireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige a dhímheas thar thréimhse deich mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana, agus déantar an trealamh TF nó oifige eile ar fad a dhímheas thar chúig bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

***Luacháil sócmhainní caipitil***

Mar a foráladh dó i gciorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Roinn do chaipitliú a sócmhainní caipitil.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar. Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus rialuithe inmheánacha.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- gurb ann do chóras buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- go mbíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- gurb ann do threoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, rud a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu a hobair agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d’aidhm leis na pleananna sin na rialuithe buntábhachtacha a chuimsiú ar bhonn rollach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú tréimhsiúil á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Comhlíonadh soláthair***

Dearbhaím go ndéanann an Roinn deimhin de go bhfuil béim chuí ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeacht ar bun lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás trí chonradh (de bhreis ar €25,000) dar luach iomlán €985,225 (gan CBL a áireamh).

- Baineann dhá chonradh dar luach €379,096 (gan CBL a áireamh) le conarthaí do sheirbhísí comhairleoireachta don Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP) a síneadh níos faide anonn ná na buntéarmaí conartha go dtí go gcuirfí comórtais soláthair i gcrích chun na seirbhísí seo a sholáthar. Tá conarthaí nua do na seirbhísí sin ar bun ó Mheitheamh 2020.
- Baineann conradh amháin dar luach €606,129 (gan CBL a áireamh) le conradh do bhainistiú agus oibriú an Lárionaid Náisiúnta Taighde Dhigitigh a síneadh níos faide anonn ná an buntéarma conartha go dtí go mbeadh comórtas soláthair nua ann, a cuireadh i gcrích i Lúnasa 2020.

Chuir an Roinn sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40 de 2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh na trí chonradh a luadh thuas san áireamh sa tuairisceán sin.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha a bhíonn roimh an Roinn agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn

leathbhliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

I gclár na rioscaí, tugtar sonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a bhíonn riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Dearbhaím go bhfuil rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh a shonraítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht agus rialú riosca. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Paindéim Covid-19***

Le teacht phaindéim Covid-19 go luath in 2020, tharla athruithe áirithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe agus ba ghnáthnós í obair ó chian don fhoireann go léir sa Roinn. Mar thoradh air sin, thug an Roinn isteach roinnt athruithe i nósanna imeachta agus rialú. Rinneadh measúnú ar thionchar Covid-19 agus dearbhaím go leanann rialuithe, iad siúd a bhí ann cheana agus iad siúd a tugadh isteach mar thoradh ar Covid-19 araon, de bheith éifeachtach.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Mark Griffin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

31 Márta 2021

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Táim neamhspleách ar an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha soláthair náisiúnta i gcásanna ábhartha maidir le conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2020.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2021

# Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Cumarsáid | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 130,455 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 27,296 | | | |
| | | | 157,751 | 88,816 | 25,142 |
| B | Fuinneamh | | 218,388 | 204,291 | 185,275 |
| C | Acmhainní nádúrtha | | 25,239 | 21,211 | 20,792 |
| D | Iascaigh intíre | | 35,083 | 32,909 | 34,095 |
| E | Bainistiú comhshaoil agus dramhaíola | | 104,982 | 81,040 | 61,503 |
| | *Craolachán* | | — | — | *260,363* |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 514,147 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 27,296 | | | |
| | | | 541,443 | 428,267 | 587,170 |
| | *Lúide* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 25,224 | 13,120 | 236,493 |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 488,923 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 27,296 | | | |
| | | | **516,219** | **415,147** | **350,677** |

**Farasbarr**

Dlífear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar gach cuid nó aon chuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena caitheamh sa bhliain dár gcionn. Tugadh €37.747 milliún de leithdháiltí neamhchaite 2020 i leith na ngnéithe caipitil d'fho-mhírcheann A.3 anonn chuig 2021.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 101,071,705 | 86,313,414 |
| Géilleadh iarchurtha | (37,747,000) | (27,296,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **63,324,705** | **59,017,414** |

**Mark Griffin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

31 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 395,609 | 555,318 |
| Pá | | 25,406 | 24,173 |
| Neamhphá | | 7,252 | 7,679 |
| **Ollchaiteachas** | | **428,267** | **587,170** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **13,120** | **236,493** |
| **Glanchaiteachas** | | **415,147** | **350,677** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (1,457) | | |
| Dímheas | 1,157 | (300) | 578 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (231) | | |
| Méadú ar stoc | (32) | (263) | 953 |
| **Caiteachas díreach** | | **414,584** | **352,208** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 15,506 | 15,974 |
| Measchíosanna | | 1,584 | 1,584 |
| **Glanchostas an chláir** | | **431,674** | **369,766** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 29 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | — | 4 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 11,805 | 12,191 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,588 | 3,687 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 42 | 37 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 71 | 55 |
| | | **15,506** | **15,974** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 2,188 | 1,888 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 75,701 | 43,981 |
| Stoic | 2.3 | 205 | 173 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,261 | 1,419 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,378 | 428 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 249 | 168 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **79,794** | **46,169** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 3,688 | 2,228 |
| Ioncam iarchurtha | | 101 | — |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 34,740 | 5,399 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 41,210 | 38,750 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **79,739** | **46,377** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 55 | (208) |
| **Glansócmhainní** | | **2,243** | **1,680** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **2,243** | **1,680** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Troscán oifige | Trealamh oifige agus TF | Saintreala mh agus mótarfheit hiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 1,396 | 21,906 | 7,080 | 30,382 |
| Breiseanna | 44 | 783 | 630 | 1,457 |
| Diúscairtí | (36) | — | — | (36) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 1,404 | 22,689 | 7,710 | 31,803 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 1,270 | 21,090 | 6,134 | 28,494 |
| Dímheas don bhliain | 24 | 563 | 570 | 1,157 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (36) | — | — | (36) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 1,258 | 21,653 | 6,704 | 29,615 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **146** | **1,036** | **1,006** | **2,188** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 126 | 816 | 946 | 1,888 |

Nóta Is liostaithe in Aguisín A atá na tailte agus na foirgnimh atá faoi úinéireacht an Stáit agus atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn agus nach bhfuil san áireamh anseo.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

Léiríonn banc agus airgead tirim na hiarmhéideanna a sealbhaíodh ag deireadh na bliana i gcuntas na Roinne leis an bPámháistir Ginearálta.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Trealamh | 71 | 40 |
| Foilseacháin | 120 | 117 |
| Stáiseanóireacht | 14 | 16 |
| | **205** | **173** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail ball foirne ar iasacht | 112 | 108 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 137 | 60 |
| | **249** | **168** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin shiarchoinneálach | 414 | 563 |
| Cáin bhreisluacha | 311 | 171 |
| Cáin conarthaí iomchuí | 2 | 1 |
| Fáltais bhreise ón Státchiste (nóta 4.3) | 152 | 261 |
| ÍMAT/ÁSPC | 663 | 576 |
| | 1,542 | 1,572 |
| **Fionraí** | | |
| An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide [a] | 28,000 | — |
| An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (nóta 7.2) | 1,212 | — |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (nóta 4.3) | 1,759 | 1,459 |
| Seirbhís freagartha do ghlaonna éigeandála | 1,660 | 1,755 |
| Párolla | 128 | 72 |
| Eile | 439 | 541 |
| | 33,198 | 3,827 |
| | **34,740** | **5,399** |

Nóta [a] Le halt 37 den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, 2007, arna leasú le halt 14 den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (Leasú) agus um Sholáthar Seirbhísí Lárnacha Cisteáin, 2020, ceadaítear don Aire ordachán bliantiúil a thabhairt don Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta suim shonraithe tobhaigh a íoc isteach sa Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Bunaíodh an Ciste an 1 Lúnasa 2020 agus tabharfar cuntas air ar leithligh ón Vóta. Go dtí go n-osclófar cuntas bainc don Chiste, rinneadh aistriú 2020 a lóisteáil go sealadach isteach i gcuntas fionraí de chuid an Vóta agus áirítear é mar iarmhéid sochair sa nóta seo. Táthar ag súil go n-aistreofar an tobhach chuig an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide in Aibreán 2021.

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 63,325 | 59,017 |
| Géilleadh iarchurtha | 37,747 | 27,296 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (59,862) | (47,563) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **41,210** | **38,750** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 75,701 | 43,981 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 249 | 168 |
| | 75,950 | 44,149 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,542) | (3,031) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (33,198) | (2,368) |
| | (34,740) | (5,399) |
| | | |
| | **41,210** | **38,750** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | **Nóta** | | **2020** | **2019** |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 1,680 | 3,184 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 516,219 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (37,747) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (63,325) | | |
| Glanvóta | | | 415,147 | 350,677 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 15,506 | 15,974 |
| Míreanna eile (neamhairgid) | | | — | 27 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 1,584 | 1,584 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (431,674) | (369,766) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **2,243** | **1,680** |

## 2.8 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 1,755 | 1,682 |
| Cláir deontas caipitil | 151,454 | 142,540 |
| Tionscadail agus cláir chaipitil | 2,772,694 | 2,812,308 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **2,925,903** | **2,956,530** |

| **b) Cláir deontas neamhchaipitil** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 142,540 | 54,604 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (109,975) | (46,238) |
| Ceangaltais maidir le deontais nua | 132,263 | 134,174 |
| Deontais a cealaíodh | (13,374) | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **151,454** | **142,540** |

**c) Mórthionscadail chaipitil inar mó luach an tionscadail ná €10 milliún**

| **Clár/tionscadal** | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2019** | **Caiteachas in 2020** | **Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2020** | **Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2019** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Postchóid náisiúnta | 26,611 | 1,431 | 4,425 | 32,467 | 32,511 |
| An Plean Náisiúnta Leathanbhanda | — | 42,503 | 2,721,497 | 2,764,000 | 2,764,000 |
| INFOMAR [a] | 51,212 | 3,908 | 4,544 | 59,664 | 58,656 |
| Tellus [b] | 19,387 | 2,684 | 1,322 | 23,393 | 22,077 |
| | **97,210** | **50,526** | **2,731,788** | **2,879,524** | **2,877,244** |

Nóta [a] Clár náisiúnta suirbhé is ea INFOMAR lena ndéantar mapáil ar ghrinneall na hÉireann agus lena gcuirtear ar fáil sonraí bonnlíne d’earnáil mhuirí na hÉireann.

[b] Clár náisiúnta suirbhé is ea Tellus lena mbailítear sonraí geoifisiceacha agus geoiceimiceacha ar fud na hÉireann trí shuirbhéireacht gheoifisiceach ón aer ach úsáid a bhaint as as aerárthaí a bhíonn ag eitilt go híseal agus as suirbhéireacht gheoiceimiceach thalamhbhunaithe ar ithir, uisce srutháin agus dríodar srutháin.

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos i dtaca le ceangaltas mór ar bith ar ina leith a d’athraigh an caiteachas iomlán ionchasach faoi bhreis is €500,000 i gcomparáid le 2019.

**INFOMAR**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.008 milliún*

Baineann caiteachas ar chlár INFOMAR go príomha le roinnt conarthaí gearrthéarmacha dá léiríonn caiteachas agus ceangaltais an scéal ag pointe ama ar leith agus a bhíonn faoi réir athrú ó bhliain go bliain.

**Tellus**

*Méadú ar chaiteachas iomlán ionchasach: €1.316 milliún*

Baineann caiteachas ar chlár Tellus go príomha le roinnt conarthaí gearrthéarmacha dá léiríonn caiteachas agus ceangaltais an scéal ag pointe ama ar leith agus a bhíonn faoi réir athrú ó bhliain go bliain.

## 2.9 Feabhsúchán talún

Tabhaíonn an Roinn costais i dtaca le mianaigh atá i seilbh an Stáit in Abhóca agus Béal Átha Gabhann. Baineann an caiteachas le hoibreacha feabhsúcháin talún agus monatóireacht comhshaoil ag an dá shuíomh, rud a thuairiscítear faoi Fho-mhírcheann C.4.

| | Caiteachas go deireadh 2019 | Caiteachas in 2020 | Ceangaltais Chonarthacha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Abhóca | 3,880 | 886 | 46 | 4,812 |
| Béal Átha Gabhann | 11,190 | — | — | 11,190 |
| Monatóireacht comhshaoil | 1,558 | 131 | — | 1,689 |
| | **16,628** | **1,017** | **46** | **17,691** |

## 2.10 Cibearshlándáil

Tá an Roinn freagrach as an mbeartas cibearshlándála in Éirinn agus as comhordú a dhéanamh ar fhreagairt slándála an Rialtais d’aon teagmhais chibearshlándála ar leibhéal náisiúnta. Cuireann an Rialtas na freagrachtaí seo i bhfeidhm tríd an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. Déantar caiteachas a bhaineann leis an gcibearshlándáil mar a léirítear thíos a thuairisciú faoin gclár cumarsáide mar a léirítear thíos, áit a n-íoctar costais riaracháin as fo-mhírchinn A.1 agus A.2 agus a gcuirtear maoiniú oibríochtúil ar fáil trí fho-mhírcheann A.5.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cibearshlándáil | **3,422** | **3,322** |

## 2.11 Dliteanais theagmhasacha

D'fhéadfadh dliteanais airgeadais teacht chun cinn in 2021 agus sna blianta ina dhiaidh sin, ag brath ar thorthaí caingne de chuid AE nó ar thorthaí caingne eile atá ar siúl, atá ar feitheamh nó a d’fhéadfadh teacht chun cinn. Ní féidir na suimeanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos trasna na gclár, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 28,397 | 25,406 | 24,173 |
| ii | Taisteal agus cothú | 926 | 280 | 932 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,236 | 524 | 1,356 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 444 | 375 | 394 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 3,101 | 3,586 | 2,148 |
| vi | Costais áitribh oifige | 933 | 689 | 923 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithniithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 1,700 | 1,571 | 1,738 |
| viii | Trealamh, stórtha agus cothabháil | 196 | 227 | 188 |
| | | **36,933** | **32,658** | **31,852** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus +/- €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin €28.397 milliún; toradh €25.406 milliún*

Bhí coigilteas €2.991 milliún ann mar thoradh ar mhoilleanna ar earcaíocht agus ceapadh foirne in 2020, ag eascairt as an ngá le líon ard de phoist nua agus ionadaithe a cheapadh do bhaill foirne a bhí ag fágáil na Roinne.

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €926,000; toradh €280,000*

Tharla coigilteas €646,000 mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus an tionchar a bhí aici ar an taisteal.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €1.236 milliún; toradh €524,000*

Tharla an coigilteas €712,000 go príomha mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus an tionchar a bhí aici ar chostais oiliúna, taispeántas agus chomhdhála.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €933,000; toradh €689,000*

Tharla coigilteas €244,000 mar thoradh ar laghduithe i gcothabháil, slándáil, glantachán, solas agus teas de bharr laghdú ar úsáid áitribh oifige na Roinne de bharr phaindéim Covid-19.

## Clár A Cumarsáid

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | 8,089 | 7,237 | | 6,258 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 1,727 | 1,428 | | 1,522 |
| A.3 | Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 79,560 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 27,296 | | | | |
| | | | 106,856 | 53,255 | | 8,030 |
| A.4 | Forbairtí ilmheán | | 4,295 | 4,455 | | 4,412 |
| A.5 | Sochaí faisnéise | | 6,484 | 3,981 | | 4,920 |
| A.6 | Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne Covid-19 | | 30,300 | 18,460 | | — |
| | | | **157,751** | **88,816** | | **25,142** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €68.935 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €1.151 milliún de sin le caiteachas riaracháin (féach thuas). Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den difríocht €67.784 milliún.

**A.3 Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide**

*Soláthar meastacháin €106.856 milliún; toradh €53.255 milliún*

Tharla coigilteas €53.601 milliún mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus an tionchar a bhí aici ar chur i bhfeidhm líonra an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, a raibh toradh caiteachais níos ísle ná mar a measadh dá bharr.

**A.5 Sochaí faisnéise**

*Soláthar meastacháin €6.484 milliún; toradh €3.981 milliún*

Tharla an coigilteas €2.503 milliún go príomha mar thoradh ar dheacrachtaí leis an Scéim Scileanna Digiteacha do Shaoránaigh a sholáthar i ndiaidh treoirlínte sláinte poiblí a thabhairt isteach do phaindéim Covid-19.

**A.6 Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne Covid-19**

*Soláthar meastacháin €30.3 milliún; toradh €18.46 milliún*

Tharla an coigilteas €11.84 milliún toisc nár íocadh deontais a ceadaíodh i ndiaidh an 16 Deireadh Fómhair 2020 go 2021. Bhí an Roinn seo freagrach as íocaíochtaí i dtaca le deontais a ceadaíodh faoin scéim seo suas go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2020, nuair a chuaigh a ceadú leis an scéim a riar in éag. Aistríodh freagracht riaracháin as an scéim chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an 31 Nollaig 2020. Thit an fhreagracht as deontais a ceadaíodh i ndiaidh an 16 Deireadh Fómhair 2020 ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus tá siad le híoc ag an Roinn sin in 2021.

## Clár B Fuinneamh

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | 5,753 | 5,147 | 4,472 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 1,740 | 1,471 | 1,573 |
| B.3 | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta | 12,671 | 12,385 | 17,382 |
| B.4 | Cláir fuinnimh inbhuanaithe | 137,189 | 127,164 | 151,206 |
| B.5 | Cláir um thaighde ar fhuinneamh | 10,700 | 7,788 | 10,319 |
| B.6 | Seirbhísí gáis | 45 | 55 | 56 |
| B.7 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 290 | 281 | 267 |
| B.8 | Comhlíonadh fuinnimh inathnuaite [a] | 50,000 | 50,000 | — |
| | | **218,388** | **204,291** | **185,275** |

Nóta [a] Ceadaítear do bhallstáit AE 'aistrithe staitistiúla' a cheannach ó bhallstáit eile chun oibleagáidí 2020 faoin Treoir na bhFoinsí Inathnuaite a chomhlíonadh.

Sa bhliain 2020, rinne Éire comhaontuithe leis an Danmhairg agus leis an Eastóin chun 3.500 GWh d'aistrithe staitistiúla a cheannach. Ba é €50 milliún costas iomlán an cheannacháin in 2020.

B'fhéidir go mbeadh gá le ceannacháin bhreise faoi na comhaontuithe in 2021, ag brath ar na staitisticí fuinnimh deiridh do 2020, agus tá soláthar déanta i meastacháin 2021 d'aistrithe staitistiúla breise.

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €14.097 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €875,000 de sin le caiteachas riaracháin. Is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den difríocht €13.222 milliún.

**B.4 Cláir fuinnimh inbhuanaithe**

*Soláthar meastacháin €137.189 milliún; toradh €127.164 milliún*

Tharla coigilteas €10.025 milliún mar thoradh ar ghníomhaíocht laghdaithe de bharr phaindéim Covid-19 ar roinnt scéimeanna a bhíonn bunaithe ar éileamh, lena n-áirítear Feithiclí Leictreacha, EXCEED agus Iarfheistiú Domhain. Bhí moilleanna freisin ar an bhforbairt ar chlár FBM agus ar thograí faoin Scéim Tacaíochta do Theas Inathnuaite.

**B.5 Cláir um thaighde ar fhuinneamh**

*Soláthar meastacháin €10.7 milliún; toradh €7.788 milliún*

Tharla coigilteas €2.912 milliún mar thoradh ar ghníomhaíocht laghdaithe ar an gclár Fuinnimh Aigéin agus ar an gclár Taighde, Forbartha agus Taispeána Fuinnimh Inathnuaite de bharr phaindéim Covid-19.

## Clár C Acmhainní nádúrtha

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.1 | Riarachán - pá | 6,541 | 5,852 | 5,843 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 2,889 | 2,523 | 2,522 |
| C.3 | Seirbhísí peitriliam | 504 | 35 | 314 |
| C.4 | Seirbhísí mianadóireachta | 3,500 | 1,260 | 330 |
| C.5 | Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 11,670 | 11,416 | 11,649 |
| C.6 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 135 | 125 | 134 |
| | | **25,239** | **21,211** | **20,792** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €4.028 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €1.055 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den difríocht €2.973 milliún.

**C.3 Seirbhísí peitriliam**

*Soláthar meastacháin €504,000; toradh €35,000*

Tharla an coigilteas €469,000 mar thoradh ar ranníocaíochtaí a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis maidir le Ciste an Chláir um Bonneagar Peitriliam, atá neodrach ó thaobh an vóta de, mar thoradh ar laghdú i líon na gceadúnas teorann atá ann.

**C.4 Seirbhísí mianadóireachta**

*Soláthar meastacháin €3.5 milliún; toradh €1.26 milliún*

Baineann an coigilteas €2.24 milliún le 1) íocaíochtaí cúitimh a bheith níos ísle ná mar a measadh maidir le húinéirí príobháideacha talún mar thoradh ar ghníomhaíocht comhlachtaí mianadóireachta a bheith níos lú mar a measadh, agus moilleanna dlí ar chásanna cúitimh a réiteach, 2) caiteachas a bheith níos lú ná mar a measadh ar oibreacha feabhsúcháin ag Abhóca agus 3) moilleanna ar shuíomh a fháil mar chuid d'fheabhsúchán Bhéal Átha Gabhann.

## Clár D Iascaigh intíre

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | 768 | 687 | 764 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | 394 | 354 | 363 |
| D.3 | Iascaigh intíre | 33,921 | 31,868 | 32,968 |
| | | **35,083** | **32,909** | **34,095** |

**Difríochtaí suntasacha**
Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár D €2.174 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €121,000 de sin le caiteachas riaracháin agus is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den difríocht €2.053 milliún.

**D.3 Iascaigh intíre**

*Soláthar meastacháin €33.921 milliún; toradh €31.868 milliún*

Tharla an t-athrú €2.053 milliún mar thoradh ar mhaoiniú don Scéim Tacaíochta d'Iascairí Eascann a bheith á chríochnú níos luaithe ná mar a measadh agus roinnt coigiltis oibriúcháin de bharr phaindéim Covid-19.

## Clár E Bainistiú comhshaoil agus dramhaíola [a]

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán – pá | 7,246 | 6,483 | 5,768 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 1,786 | 1,477 | 1,362 |
| E.3 | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 43,010 | 43,212 | 38,761 |
| E.4 | An Ciste Carbóin | 3,000 | 320 | 607 |
| E.5 | Ceangaltais athraithe aeráide idirnáisiúnta | 4,500 | 4,500 | 2,500 |
| E.6 | Feabhsúchán líonta talún | 11,250 | 12,008 | 6,956 |
| E.7 | Tionscnaimh aeráide | 6,060 | 2,857 | 2,017 |
| E.8 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 3,000 | 3,002 | 3,037 |
| E.9 | Idirphlé náisiúnta | — | — | — |
| E.10 | Tionscnaimh um bainistiú dramhaíola | 9,130 | 6,329 | 495 |
| E.11 | An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide | 10,000 | 707 | — |
| E.12 | An Ciste um Aistriú Cóir | 6,000 | 145 | — |
| | | **104,982** | **81,040** | **61,503** |

Nóta [a] Cuimsíonn an clár seo gníomhaíochtaí a maoiníodh, roimh 2020, tríd an gCiste Comhshaoil. In 2020, chuir an Vóta € 14.08 milliún ar fáil do na gníomhaíochtaí seo faoi fho-cheannteidil E.3 (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil: € 5.63 milliún), E.6 (dúnadh líonta talún agus iarchúram: € 2.75 milliún) agus E.10 (forfheidhmiú dramhaíola tionscnaimh: € 5.7 milliún).

**Difríochtaí suntasacha**
Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár E €23.942 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €1.072 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus is mar gheall ar an méid seo a leanas go príomha a tharla an chuid eile den difríocht €22.87 milliún:

**E.4 An Ciste Carbóin**

*Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €320,000*

Tharla an coigilteas €2.68 milliún mar thoradh ar cheannach creidmheasanna carbóin a chur ar athlá go dtí go mbeadh soiléiriú ann ar an gcaoi a raibh paindéim Covid-19 ag dul i gcion ar astaíochtaí na hÉireann in 2020.

**E.6 Feabhsúchán líonta talún**

*Soláthar meastacháin €11.25 milliún; toradh €12.008 milliún*

Tharla an barrachas €758,000 mar thoradh ar éilimh ó údaráis áitiúla ar obair a dhéanamh ar fheabhsúchán líonta talún a bheith níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis.

**E.7 Tionscnaimh aeráide**

*Soláthar meastacháin €6.06 milliún; toradh €2.857 milliún*

Tharla an coigilteas €3.203 milliún mar gheall ar ghníomhaíochtaí laghdaithe maidir leis an Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus maidir le Clár Oiliúna na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide mar thoradh ar phaindéim Covid-19, agus mar gheall ar mhoill ar roinnt oibre samhaltú aeráide faoin gClár um Thaighde agus Samhaltú Teicniúil, rud a chuirfear i gcrích in 2021.

**E.10 Tionscnaimh um bainistiú dramhaíola**

*Soláthar meastacháin €9.13 milliún; toradh €6.329 milliún*

Tharla an coigilteas €2.801 milliún mar thoradh ar mhoill ar fhorbairt agus rolladh amach scéime airgeadais le dramhaíl neamhchoinneálachta leighis a dhiúscairt..

**E.11 An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide**

*Soláthar meastacháin €10 milliún; toradh €707,000*

Tharla an coigilteas €9.293 milliún mar thoradh ar phróiseas fíoraithe a bheith níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis do thionscadail faoin gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, rud a bunaíodh mar chiste reachtúil ar leith i Lúnasa 2020.

**E.12 An Ciste um Aistriú Cóir**

*Soláthar meastacháin €6 mhilliún; toradh €145,000*

Tharla coigilteas €5.855 milliún mar thoradh ar mhoill ar chomhaontuithe deontais a chur i gcrích i dtaca le tionscadail aonair, agus caiteachas laghdaithe dá bharr ar an scéim seo in 2020.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltais ó fhíneálacha de bharr coireanna iascaigh intíre | 50 | 21 | 23 |
| 2 | Fáltais faoin Acht Forbairte Mianraí, 1940, agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960 | 8,795 | 6,699 | 7,113 |
| 3 | An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | 437 | 35 | 314 |
| 4 | Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 300 | 481 | 558 |
| 5 | Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist | 223 | 328 | 77 |
| 6 | Fáltais ón gciste éifeachtúlachta fuinnimh | 10,000 | 707 | — |
| 7 | Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2) | 1,070 | 997 | 1,297 |
| 8 | Ranníocaíochtaí pinsin ó ghníomhaireachtaí | 732 | 232 | 636 |
| 9 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 3,037 | 3,069 | 3,377 |
| 10 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | 580 | 551 | 373 |
| | *Táillí ceadúnais chraolacháin* | — | — | 222,725 |
| | **Iomlán** | **25,224** | **13,120** | **236,493** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €12.104 milliún níos ísle ná an meastachán. Leagtar amach anseo thíos na mínithe ar na difríochtaí.

**2 Fáltais faoin Acht Forbairte Mianraí, 1940, agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960**

*Meastachán €8.795 milliún; réadaithe €6.699 milliún*

Tharla an t-easnamh €2.096 milliún mar thoradh ar ioncam laghdaithe ó tháillí ceadúnais i dtaca le ceadúnais taiscéalaíochta teorann agus rátaí laghdaithe d'eastóscadh mianraí príobháideacha ag cuideachtaí mianraí agus laghdú sna suimeanna cúitimh a fuarthas dá bharr.

**3 An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam**

*Meastachán €437,000; réadaithe €35,000*

Tharla an t-easnamh €402,000 mar thoradh ar fháltais ó shealbhóirí ceadúnais taiscéalaíochta teorann a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Sa bhliain 2020, fuair an Roinn dhá fháltas san iomlán ó shealbhóirí ceadúnais (18 gcinn in 2019).

**4 Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann**

*Meastachán €300,000; réadaithe €481,000*

Tharla an barrachas €181,000 mar thoradh ar fháltais ar roinnt tionscnamh arna maoiniú ag AE a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**5 Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist**

*Meastachán €223,000; réadaithe €328,000*

Tharla an barachas €105,000 mar thoradh ar ioncam cíosa do 2019 a fháil go déanach, rud a fuarthas ar deireadh in Eanáir 2020.

**7 Fáltais ón gciste éifeachtúlachta fuinnimh**

*Meastachán €10 milliún; réadaithe €707,000*

Tharla an t-easnamh €9.293 milliún mar thoradh ar chaiteachas ag an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide atá neodrach ó thaobh vóta de (fo-mhírcheann E.11) a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Mar thoradh air sin, bhí fáltais mheaitseála ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

**8 Ranníocaíochtaí pinsin ó ghníomhaireachtaí**

*Meastachán €732,000; réadaithe €232,000*

Tharla an t-easnamh €500,000 mar thoradh ar ranníocaíochtaí pinsin a fháil go déanach ó ghníomhaireacht amháin, agus toisc nár laghdaíodh an soláthar sa mheastachán don fho-mhírcheann seo chun aistriú na bhfáltas ó Údarás Craolacháin na hÉireann chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán a léiriú.

## 4.2 Fáltais ilghnéitheacha

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Dleachtanna i dtaca le líonraí achair cathrach | 911 | 927 |
| Fíorú i leith Loch Coirib | 48 | — |
| Costais a aisghabhadh ó chomhlachtaí eile | 35 | 347 |
| Eile | 3 | 23 |
| **Iomlán** | **997** | **1,297** |

## 4.3 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 261 | — |
| Fáltais ón scéim i ndáil le trádáil astaíochtaí [a] | 122,781 | 122,798 |
| Fáltais ó fhíneálacha ar sháruithe trádála astaíochtaí | — | 261 |
| Ducht teileachumarsáide na Gaillimhe-Mhaigh Eo | 193 | 117 |
| Scaireanna sa Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh a dhíol | 152 | — |
| Géilleadh deonach thuarastail na nAirí | 29 | 15 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (123,264) | (122,930) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **152** | **261** |

Nóta [a] B'ionann €124.52 milliún agus ollsciar na hÉireann d'fháltais a d'eascair as liúntais a chur ar ceant sa Chóras AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí in 2020. Asbhaintear €1.76 milliún le haghaidh chostais riaracháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, rud a fhágann go bhfuil glanfháltas €122.8 milliún ann le tabhairt ar ais don Státchiste.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 396 | 383 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 875 | 861 |
| | **1,271** | **1,244** |

Nóta [a] Is iad na gníomhaireachtaí a áirítear anseo an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Iascaigh Intíre Éireann, Gníomhaireacht na Lochanna agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Baineann na sonraí pá gníomhaireachta seo a leanas leis na gníomhaireachtaí céanna sin.

## 5.2 Pá

| Luach saothair na mball foirne uile (Roinn agus gníomhaireachtaí) | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 73,620 | 70,139 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 236 | 217 |
| Liúntais eile | 1,517 | 1,480 |
| Ragobair | 48 | 53 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,925 | 6,501 |
| **Pá iomlán** | **82,346** | **78,390** |

Nóta Tagraíonn na socruithe pá le gné an phá d'fho-mhírchinn A.1, A.4, B.1, B.3, C.1, D.1, D.3, E.1, E.3. Áirítear leis na figiúirí seo airgead neamhvótáilte lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (ciorclán 22 de 2020).

| Luach saothair bhaill foirne na Roinne | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 23,331 | 22,255 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 20 | 80 |
| Liúntais eile | 101 | 61 |
| Ragobair | 25 | 34 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,929 | 1,743 |
| **Pá iomlán** | **25,406** | **24,173** |

**Luach saothair ball foirne gníomhaireachta**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 50,289 | 47,884 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 216 | 196 |
| Liúntais eile | 1,416 | 1,360 |
| Ragobair | 23 | 19 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,996 | 4,758 |
| **Pá iomlán** | **56,940** | **54,217** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2020** | **2019** |
| | | | **€** | **€** |
| **Baill foirne na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 13 | — | 4,894 | 14,186 |
| Liúntais eile | 18 | 2 | 20,614 | 20,614 |
| Ragobair | 20 | — | 4,262 | 4,469 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 5 | 1 | 11,262 | 14,245 |
| **Baill foirne gníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 47 | — | 9,761 | 9,116 |
| Liúntais eile | 306 | — | 9,873 | 12,000 |
| Ragobair | 11 | — | 4,473 | 3,065 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 47 | 7 | 14,124 | 10,114 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Tá oibrí amháin de chuid na hearnála poiblí a bhfuil pinsin earnála poiblí á fháil aige fostaithe ag an Roinn ar bhonn buan agus tá na híocaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €407,809 i leith ceathrar oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh 2020 go léir nó ar feadh cuid den bhliain agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i dtaca le dáréag oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh 2020 go léir nó ar feadh cuid den bhliain agus ar íoc na gníomhaireachtaí inar oibrigh siad a dtuarastail.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 22 | 107,379 | 91,207 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 9 | 78,846 | 67,588 |

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Le linn 2020, fuair triúr ball foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €52,192 san iomlán iad.Fuair beirt de na baill foirne sin íocaíochtaí iomarcaíochta arbh fhiú €23,136 san iomlán iad.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | 2020 | | | | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí a d'íoc an Roinn** | **Costais dlí a dámhadh** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ó:** | | | | | | |
| Fostaithe | — | — | — | — | — | 25 |
| Eagraíochtaí/ daoine aonair seachtracha | — | — | — | — | — | 230 |
| | **—** | **—** | **—** | **—** | **—** | **255** |

### 6.2 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh a thaispeántar faoi fho-mhírchinn B.4 agus C.5 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a chómhaoiníonn AE trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus trí Fhís 2020.

Íoctar fáltais CFRE go díreach sa Phríomh-Chiste agus soláthraítear an caiteachas gaolmhar i bhFo-mhírcheann B.4 (2020: €23.394 milliún; 2019 €39.814 milliún).

Fuair an Roinn réamh-mhaoiniú €338,569 ó AE i dtaca le tionscadail Fhís 2020 agus soláthraítear an caiteachas gaolmhar i bhFo-mhírcheann C.5 (2020: €808,000; 2019: €372,000).

# Nóta 7 Cuntais ilghnéitheacha

## 7.1 Ciste an Chláir um Bonneagar Peitriliam

Ráiteas faoi fháltais agus íocaíochtaí Chiste an Chláir um Bonneagar Peitriliam don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

| | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 6,091 | 5,918 |
| Fáltais | 38 | 314 |
| Íocaíochtaí | (57) | (141) |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | **6,072** | **6,091** |

Bunaíodh an Clár um Bonneagar Peitriliam (CBP) i 1997 agus tá sé maoinithe ag cuideachtaí ola a bhfuil ceadúnas le haghaidh taiscéalaíocht amach ón gcósta acu a d'eisigh an Roinn. Tá sé mar aidhm aige gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus forbartha hidreacarbóin a chur chun cinn trí threisiú le struchtúir thacaíochta áitiúla, le maoiniú le haghaidh bailiú sonraí taighde agus le taighde 'talamhbhunaithe' i limistéir amach ó chósta na hÉireann. Taifeadtar fáltais maidir le Ciste an Chláir um Bonneagar Peitriliam mar leithreasaí-i-gcabhair agus íoctar isteach sa chiste iad trí mheán fho-mhírcheann C.3.

Is í Oifig Rialála Geo-Eolaíochta na Roinne a riarann an Ciste.

## 7.2 An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ráiteas faoi fháltais agus íocaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 20,968 | 20,968 |
| Fáltais | — | — |
| Infheistíochtaí | — | — |
| Aisíocaíocht leis an Vóta i dtaca le tionscadail an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide | (707) | — |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | **20,261** | **20,968** |

Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh in 2014 faoi fhorálacha Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Scéim um Oibleagáid Éifeachtachta Fuinnimh), 2014 (I.R. 131 de 2014). Is iad na cuspóirí a bhaineann leis an gCiste (1) tacú le cláir um fheabhsú éifeachtúlachta fuinnimh agus bearta eile éifeachtúlachta fuinnimh a sholáthar, agus (2) forbairt margaidh do bhearta um fheabhsú éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn. Chuir an Rialtas €35 mhilliún ar fáil ó Chiste an Tobhaigh Ioncaim Carbóin don Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh.

Tá maoiniú iomlán €14.03 milliún ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh infheistithe in Ireland Energy Efficiency Investments plc (IEEI). Meaitseálann an earnáil phríobháideach an maoiniú ón Stát. Déantar ionadaíocht don Aire, mar aon leis na hinfheisteoirí eile, ar choiste comhairleach infheistíochta agus faigheann gach scairshealbhóir tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha ar fheidhmíocht IEEI. Chinn an tAire, i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gan aon mhaoiniú eile a infheistiú in IEEI i ndiaidh mhí na Bealtaine 2018. Ag an 31 Nollaig 2020, bhí luach €13.615 milliún ar infheistíocht an Stáit in IEEI.

Tar éis cead a fháil ón Rialtas, agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chinn an tAire an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh a fhoirceannadh agus an t-airgead a bhí fágtha a shannadh don Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Sa bhliain 2020, ar feitheamh reachtaíocht chun an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhunú ar bhonn reachtúil, cuireadh caiteachas €707,166 ar fáil trí Fho-mhírcheann E.11 i dtaca le tionscadail an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide. Aisíocadh an caiteachas seo leis an Vóta trí fháltas meaitseála leithreasaí-i-gcúnamh ó EENF faoi Fho-mhírcheann F.6 mar a aontaíodh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ba é €20.261 milliún an t-iarmhéid a bhí fágtha sa Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh ag an 31 Nollaig 2020.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, fuair an tAire, mar scairshealbhóir, leithdháileadh €1.212 milliún ó IEEI don tréimhse dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020. Ar feitheamh cinneadh ar an gcaoi a gcaithfear leis an leithdháileadh seo, rinneadh é a lóisteáil go sealadach i gcuntas fionraí de chuid an Vóta agus tá sé san áireamh mar iarmhéid sochair i nóta 2.5. Aistreofar an leithdháileadh chuig EENF in 2021.

## Aguisín A Sceideal tailte agus foirgneamh

Is leis an Aire na hionaid réadmhaoine seo a leanas.

1. Foirgneamh Ard-Oifig an Phoist
2. Stua Siopadóireachta Ard-Oifig an Phoist
3. 1-6 Foirgnimh Oifig an Phoist
4. 24-30 Sráid Anraí

Bainistítear na hionaid réadmhaoine seo faoi léasanna agus/nó ceadúnais arna ndeonú ag an Stát.

Is leis an Aire Iascach na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe agus Iascadh Abhainn Fhia/Abhainn tSocair i gCo. Dhún na nGall. Is é Iascach Intíre Éireann a bhainistíonn na hiascaigh sin.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire sna líonraí achair cathrach freisin. Maoiníodh tógáil na líonraí sin i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla áirithe agus le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

## Aguisín B Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce ma Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ciste roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta a fuair an tAire/an Roinn í | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| An Post | 2019 | 26 Már 2020 | 31 Már 2020 | 15 Bea 2020 |
| An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide [a] | 2019 | 19 Már 2020 | 29 Aib 2020 | 23 Iúi 2020 |
| An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach [b] | 2019 | 29 Mei 2020 | 30 Mei 2020 | — |
| Bord na Móna | 2019 | 24 Mei 2020 | 29 Mei 2020 | 22 Iúi 2020 |
| An Coimisiún um Rialáil Fóntais | 2019 | 26 Bea 2020 | 12 Mei 2020 | 17 Sam 2020 |
| Eirgrid [c] | 2019 | 20 Nol 2019 | 31 Ean 2020 | 9 Sam 2020 |
| Bord Soláthair an Leictreachais | 2019 | 27 Fea 2020 | 3 Már 2020 | 21 Bea 2020 |
| Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann | 2019 | 18 Mei 2020 | 25 Mei 2020 | 7 Lún 2020 |
| An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta | 2019 | 23 Mei 2020 | 25 Mei 2020 | 7 Lún 2020 |
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | 2019 | 26 Mei 2020 | 29 Mei 2020 | 17 Sam 2020 |
| Iascach Intíre Éireann | 2019 | 21 Nol 2020 | 23 Nol 2020 | 19 Fea 2021 |
| Gníomhaireacht na Lochanna [b] | 2019 | 11 Fea 2021 | 25 Fea 2021 | — |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 2019 | 30 Mei 2020 | 8 DF 2020 | 9 Nol 2020 |
| An Ciste Comhshaoil | 2019 | 17 Nol 2020 | 18 Nol 2020 | 7 Ean 2021 |

Nóta
[a] Tréimhse an chuntais, an 1 Iúil 2018 go dtí an 30 Meitheamh 2019.
[b] Níl tuarascáil bhliantúil agus cuntais do 2019 curtha faoi bhráid an Oireachtais fós.
[c] Tréimhse an chuntais, an 1 Deireadh Fómhair 2018 go dtí an 30 Meán Fómhair 2019.